



AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 19.7.2012  
COM(2012) 371 final

2012/0179 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear coinníollacha sonracha maidir le stoic dhomhainfharraige a iascach san  
Atlantach Thoir Thuaidh agus forálacha maidir le hiascaireacht i bhfarraigí  
idirnáisiúnta an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus lena n-aisghairtear  
Rialachán (CE) Uimh. 2347/2002**

{SWD(2012) 202 final}

{SWD(2012) 203 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Is ag cabhlaigh thraidisiúnta chósta (cabhlach na Portaingéile) agus ag móthrálacair fánaíochta (cabhlach na Fraince agus na Spáinne) atá an lámh in uachtar, cuid mhaith, in iascaigh domhainfharraige san Atlantach Thoir Thuaidh. I dteannta a chéile is ionann iad agus tuairim is 1 % den iasc a thugtar i dtír ón Atlantach Thoir Thuaidh, cé go mbraitheann inmharthanacht eacnamaíoch líon áirithe pobal iascaireachta go pointe ar an iascaireacht domhainfharraige. Déantar an iascaireacht sin in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta atá faoi rialú ag comhaontuithe a tugadh i gcrích faoin gCoimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC).

Tugtar stoic éisc dhomhainfharraige ar na stoic éisc sin a mbeirtear orthu lasmuigh de phríomh-mheánna na scairbheach ilchríochach. Tá siad scaipthe ar na fánaí ilchríochacha nó áitríonn siad tuláin ghrinnill. Níl ann ach ó 2003 i leith atá iascaigh dhomhainfharraige faoi réir ag bainistiú shonrach ar dheiseanna iascaigh (gabháil iomlán incheadaithe, uas-iarracht iascaireachta). Roimhe sin, tháinig forbairt neamhrialáilte ar an iascach agus léirigh go pointe na comharthaí sóirt na faidhbe "ruathar iascaireachta", rud a mbíodh ídiú stoc mar thoradh air.

Ón gcéad lá a tugadh isteach an bainistiú ar dheiseanna iascaireachta, cuireadh bearta i bhfeidhm a chuireann srian ar úsáid a bhaint as gléasanna áirithe in uiscí doimhne nó a chuireann cosc le hiascaireacht i limistéir áirithe ard-bhithéagsúlachta ar ghrinneall na farraige. Is éard atá sa dúnadh limistéar sin beart atá ag leanúint as an gComhbheartas Iascaigh (CFP) i leith ainmniú láithreán Natura 2000 na mBallstát faoin Treoir maidir le Gnáthóga<sup>1</sup>, é sin nó is bearta ginearálta réamhchúraim iad nó céimeanna réamhchúraim atá iontu.

Glacadh agus déanadh trasú i ndlí an Aontais ar bhearta NEAFC i réimse na hiascaireachta domhainfharraige agus iontu siúd cuimsítear toirmeasc ar eangacha geolbhaigh, limistéir dhúnta chun cosaint a thabhairt do ghnáthóga beantacha ar phríomhfhoinsí bithéagsúlachta iad (éiceachórais mhuirí sholáite), uasteorannú ar an iarracht bhliantúil caite le hiascaireacht, agus mapáil ar an ngníomhaíocht iascaireachta reatha le súil agus iascaigh nua a bheith coinníollach ar mheasúnú tionchair timpeallachta a dhéanamh roimh ré.

Roimh theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, chuirtear na bearta sin agus bearta teicniúla eile a mholadh NEAFC chun feidhme go bliantúil le Rialachán ón gComhairle maidir le deiseanna iascaireachta; ón am sin tá córas idirthréimhseach<sup>2</sup> i bhfeidhm don Atlantach Thoir Thuaidh ar fad, lena n-áirítear bearta a glacadh sa NEAFC.

I dtaobh uiscí idirnáisiúnta nach bhfuil rialáilte ag Eagraíochtaí Réigiúnacha um Bainistíocht Iascaigh agus mar fhreagairt ar Rún 61/105 ón UNGA<sup>3</sup>, ghlac an tAontas Rialachán ar leith a thoirmeascann gléasanna ghrinnill a úsáid ar an Mórmhuir gan measúnú tionchair a dhéanamh

---

<sup>1</sup> Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú IO L 206, 22.7.1992, lch. 7.

<sup>2</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1288/2009, IO L 347, 24.12.2009, lch. 6

<sup>3</sup> A/RES/61/105 an 8 Nollaig 2006 - Comhaontú 1995 maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach a chur chun feidhme; Comhaontú NA maidir le Stoic Éisc; UNFSA

roimh ré (Rialachán (CE) Uimh. 734/2008 ón gComhairle) maidir le bainistiú inbhuanaithe iascach domhainfharraige.

Ón mbliain 2002 i leith tá córas sonrach rochtana curtha ar bun ag an Aontas (Rialachán (CE) Uimh. 2347/2002) le haghaidh soithí iascaireachta atá ag gabháil d'iascaigh dhomhainfharraige an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus tá ceithre chomhchuid ann: srian acmhainne, bailiú sonraí, faireachán ar an iarracht iascaireachta agus rialú.

Níor réitigh na bearta a rinneadh go dtí seo príomhfhadhbanna na hiascaireachta go héifeachtach, mar atá:

- na stoic i gceist a bheith thar a bheith soloite ag an iascaireacht; roinnt mhaith acu ní féidir leo ach brú an-íseal iascaireachta a sheasamh, thar tréimhse fhada, rud nach bhfuil inmharthana go heacnamaíoch;
- iascaireacht le tráil ghrinnill is mó a chuireann éiceachórais mhuirí soloite i mbaol a scriosta go deo ag trealamh iascaireachta. Ní fios cé chomh fairsing is atá an scrios atá déanta cheana;
- ardleibhéil ghabhála de speicis domhainfharraige gan iarraidh a bhíonn mar thoradh ar an iascaireacht a déantar le tráil ar speicis domhainfharraige (ar an meán idir 20 % agus 40 % i dtéarmaí meáchana ach tá buaiceanna ann i bhfad níos airde ná sin);
- mórdheacracht bheith ag baint le leibhéal inbhuanaithe an bhrú iascaireachta a chinneadh le comhairle eolaíoch.

Toisc stoic dhomhainfharraige a bheith thar a bheith soloite ag an-iascaireacht, is féidir le hídiú stoic tarlú i dtréimhse ghearr agus d'fhéadfadh an t-athbhunú tamall fada a thógáil nó d'fhéadfadh sé teip ar fad. Táthar nach mór iomlán dall ar staid bitheolaíoch na stoc. Meastar cuid acu a bheith ídithe, agus tuilleadh acu tosaithe ar chobhsú ag leibhéil ísle saothraithe. Tríd is tríd, níl na hiascaigh inbhuanaithe. Tá laghdú seasta tagtha ar dheiseanna iascaireachta ó a tosaíodh ar iad a rialáil.

Leanfaidh sonraí ó shuirbhéanna eolaíocha de bheith neamhleor, is dócha, ó thaobh measúnuithe iomlána agus anailísí ar stoic a dhéanamh sna blianta atá romhainn. Tá an Coimisiún ag taighde bealaí le córas na suirbhéanna eolaíocha agus bailiú sonraí a fheabhsú maidir le speicis domhainfharraige don tréimhse chláráithe seo chugainn. De thuras na huair, agus ceal faisnéise, ní féidir an coincheap bainistíochta atá ceaptha uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach, ní féidir é a chur i bhfeidhm maidir le stoic dhomhainfharraige. Beidh tionscadal eolaíoch tábhachtach (Deepfishman) ag dul ar aghaidh go dtí 2012. Is é is aidhm don tionscadal sin rialacha fómhair atá bunaithe ar tháscairí tánaisteacha a fhorbairt, ós rud é nach bhfuil na táscairí príomhúla (ráta básmaireachta na n-iasc agus méid stoic) ar eolas (DEEPFISHMAN<sup>4</sup> Ref 227390).

An oibleagáid atá ar na Ballstáit, i gcomhréir leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, dea-bhail a chur ar éiceachórais mhuirí faoi 2020<sup>5</sup>, nó an bhail sin a choinneáil ar bun,

4

[http://cordis.europa.eu/fetch?CALLER=FP7\\_PROJ\\_ES&ACTION=D&DOC=19&CAT=PROJ&QUERY=01308a670983:f6dc:57618e7e&RCN=90982](http://cordis.europa.eu/fetch?CALLER=FP7_PROJ_ES&ACTION=D&DOC=19&CAT=PROJ&QUERY=01308a670983:f6dc:57618e7e&RCN=90982)

5

Féach an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, Treoir 2008/56/CE, IO L 164, 25.6.2008, lch. 19.

cothaíonn sí meon criticiúil ar na coinníollacha ina bhfuiltear ag dul i mbun iascaigh dhomhainfharraige, gnéithe comhshaoil agus bithéagsúlachta san áireamh.

Saothrú inbhuanaithe ar stoic dhomhainfharraige a chinntiú a mhéid agus is féidir is cuspóir ginearálta don togra agus tionchar comhshaoil ar na hiascaigh seo a laghdú, maraon leis an mbunús faisnéise a fheabhsú don mheasúnú eolaíoch. Fad nach mbeidh an leibhéal is gá bainte amach ag na sonraí ná an modh chun bainistiú uastáirgeachta inbhuanaithe a chur i bhfeidhm, ní mór na hiascaigh a bhainistiú de réir chur chuige an réamhchúraim maidir le bainistiú iascaigh.

Ba cheart deireadh ar bhonn céimnithe a chur le húsáid trál grinnill san iascach seo, chun an tionchar scriosach ar éiceachórais mhuirí a laghdú, toisc gurb iad is mó a dhéanann dochar d'éiceachórais mhuirí sholaithe agus toisc go bhfuil siad ina gcúis le gabhálacha de speicis domhainfharraige gan iarraidh. Ba cheart toirmeasc ar dhíriú ar speicis domhainfharraige bheith i dteannta na srianta idirthréimhseacha ar eangacha geolbhaigh grinnill ag doimhneacht faoi bhun 600m agus sa raon doimhneachta 200m-600m.

Cuireann an togra san áireamh chomh maith an deis atá ann an córas bainistíochta a rialaíonn na stoic seo a shimpliú. Faoi láthair tá siad faoi réir ionstraimé dúbailte: teorannú gabhála agus teorannú cumais/iarrachta. I gcásanna nach bhfuil gá leis an dúbailt chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, déantar tograí nua chun na hiascaigh lena mbaineann a rialáil leis an aon ionstraim bhainistíochta amháin.

## **2. TORTHAÍ NA gCOMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR**

I ndiaidh na Teachtaireachta ar an athbhreithniú ar chóras rochtana na bliana 2002, a cuireadh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle<sup>6</sup>, rinne an Coimisiún measúnú tionchair ar na roghanna beartais a bhí le teacht trí na Ballstáit agus na Comhairlí Comhairleacha Réigiúnacha a thabhairt san áireamh. Chuathas i gcomhairle chomh maith leis an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) i dtaobh gnéithe teicniúla ar leith de bhainistiú iascaigh dhomhainfharraige.

Léirigh na freagraí ar an gcomhairliúchán go raibh aontú a bheag nó a mhór ann go raibh gá córas rochtana na bliana 2002 a fheabhsú. Bhí éagsúlacht mhór, áfach, i dtuairimí na ngeallsealbhóirí i ndáil leis na bearta a bhí le cur chun feidhme:

Leag na Ballstáit béim ar an bhfiúntas teoranta a bhí sa tuairisciú iarrachta, bainistiú iarrachta agus sa bhainistiú acmhainne sa socrú atá ann faoi láthair, go háirithe ós rud é nach bhfreagraíonn an toilleadh cláraithe (bunaithe ar na húdaruithe a eisíodh) do staid fhírinneach an iascaigh. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an iomad soithí ag a bhfuil údarú acu iascaireacht a dhéanamh ar speicis domhainfharraige, cé nach ionann na speicis sin agus cion beag dá ngabhálacha iomlána. Níor cheart do shoithí dá sórt a bheith bainteach le métier na hiascaireachta domhainfharraige. Bhí na Ballstáit cáinteach chomh maith maidir le haschur ábhar muirí arbh iad na rialacháin iascaigh féin ba chúis leis, ar shlí, dar leo. Chuir siad i bhfios go tréan chomh maith cé chomh tábhachtach is atá sé an córas rochtana a chur in oiriúint don chreat rialaithe nua. Bhí drogall orthu an cur chuige bainistithe a leagan síos go

---

<sup>6</sup> COM(2007)30 críochnaitheach.

luath ar a laghad sula mbeadh fáil ar thorthaí an tionscadail eolaíoch "Deepfishman" atá fós ag dul ar siúl.

Maidir leis an liosta speiceas atá san áireamh, d'admhaigh na Ballstáit go raibh critéir shoiléir riachtanach cé gur chuir siad i bhfios go láidir go mbeadh ainiarsma ar athruithe ar phatrúin iascaireachta agus bainistiú. De bhreis air sin, leag siad béim ar an tábhacht atá le cearta atá bunaithe cheana a urramú faoi phrionsabal na cobhsaíochta coibhneasta. Ar deireadh, maidir leis na hoibleagáidí speisialta a bhaineann le bailiú sonraí, bhí siad in aghaidh aon chlúdach eolaíoch níos airde trí bhreathnóirí ar bord a úsáid agus bhí siad i bhfabhar bailiú sonraí domhainfharraige a chomhshnaidhmeadh le creat bailithe sonraí níos leithne, agus de réir na n-oibleagáidí speisialta sin déantar sampláil cheana ar roinnt métier atá dírithe ar iascaireacht dhomhainfharraige. Cuireadh amhras in iúl faoi an raibh cúis mhaith leis an gcostas a bheadh ar an athrú seo i dtreo measúnuithe stoc anailíseacha toisc a laghad gníomhaíochta, ach moladh tús áite a thabhairt do chur chuige bainistíochta réamhchúraim a bheadh bunaithe ar threochtaí stoic bhreathnaithe.

Rinneadh comhairliúchán le Comhairlí Comhairleacha Réigiúnacha Uiscí Thiar Thuaidh agus Uiscí Thiar Theas an Aontais agus tugadh le fios go tréan go bhfuil gá le sainmhíniú comhsheasmhach ar iascaigh dhomhainfharraige, agus thacaigh siad le bearta bainistíochta a bheadh dírithe ar na soithí atá speisialaithe san iascach seo. Ach, mhol siad gan bac a chur ar na soithí sin a raibh teist iascaireachta acu ó fhilleadh ar an iascach agus a rannchuidigh le hathbhunú stoc trí imeacht go hiascaigh eile le blianta beaga anuas. Moladh bainistiú iarrachta de réir métier, agus d'fhéadfadh cuma dhifriúil a bheith air seo do na grúpaí mórshoithí il-métier i gcomparáid le grúpaí de mhórán soithí beaga. D'iarr siad go ndéanfaí níos mó gníomhartha dírithe ar chosaint a thabhairt d'éiceachóras mhuirí soloite agus córas leithdháileacháin, athnuachana agus aistarraingthe maidir le húdaruithe iascaireachta.

Thug comhaontas d'eagraíochtaí neamhrialtasacha (*an Deep-sea Conservation Coalition*) le fios go raibh gá le coinníollacha a thabhairt isteach maidir le húsáid trál grinnill cosúil leo siúd atá in úsáid ar an Mórmhuir agus leag béim ar an bhfadhb atá fós le réiteach maidir le gabhálacha gan iarraidh de speicis domhainfharraige.

Dhírigh an measúnú ar thionchair de thoradh ar chinntí difriúla beartais ar chúig rogha. Cuireadh trí cinn acu as an áireamh toisc gur measadh nach raibh siad fíor-ionadaíoch ar chur chuige bainistíochta, ina raibh níos mó de mhíbhuntáistí ag baint leo ná mar a bhí de bhuntáistí, eadhon: (a) cloí leis an gcóras atá ann cheana á leasú go díreach sa chás go mbeadh nuashonrú de dhíth; (b) an iascaireacht ar speicis domhainfharraige a thoirmeasc ar fad, agus (c) laghdú a dhéanamh ar an gcóras ionas nach mbeadh ann ach uirlis chun bearta a thrasú i NEAFC agus na bearta sin a chur i bhfeidhm in uiscí an Aontais.

Seo iad an dá rogha a raibh buntáistí coibhneasta leo: (d) deireadh a chur de réir a chéile leis na gléasanna is díobhálaí iascaireachta atá dírithe ar speicis domhainfharraige, nó (e) caighdeáin bhainistithe a ceapadh don iascaireacht ghrinnill ar an Mórmhuir a thabhairt isteach in uiscí an Aontais. Coinníodh rogha (d) toisc í a bheith ina hionstraim níos éifeachtaí agus níos simplí, agus mar thoradh ar rogha (e) bheadh ceanglais rialála fairsinge á gcur san áireamh maraon leis na baic ar infheistíocht in iascach atá ag meath cheana a thiocthadh dá ndroim. Leis an laghdú atá á dhéanamh ar riaracháin iascach de dheasca beart gátair buiséadach, níl go leor deimhnithe ann go gcuirfí bearta breise agus fairsinge chun feidhme sa chleachtas.

Maidir le simpliúchán, ba chóir deireadh a chur leis an gcóras reatha i ndáil le tuairisciú ar iarracht iascaireachta de réir speiceas. Is fearr a chinnteofaí faireachán ar iarracht iascaireachta mar chleachtadh rialta trí ghlaonna bliantúla sonracha a dhéanamh faoin Creat um Bailiú Sonraí<sup>7</sup>, maraon le hiarratais ad hoc ón gCoimisiún ar thuairisciú riaracháin; agus go d'úsáidfí na hiarratais sin, cuir i gcás, sa chás go mbeadh amhras ann maidir le teorainneacha iarrachta a bheith á gcomhlíonadh nó nuair nach mbíonn cáilíocht na sonraí ard go leor. Tá beachtú déanta ar raon feidhme an Rialacháin chun a áirithiú go ndíríonn an Rialachán seo go hiomlán ar na soithí atá dírithe ar speicis domhainfharraige agus chun a áirithiú nach ndéanann na soithí a mbíonn na speicis seo acu ina bhfoghabháil éisc an t-iascach a mhéadú. Ina theannta sin, déanfar na rialacha a bhaineann go sonracha le bailiú sonraí a ailíniú leis an gCreat um Bailiú Sonraí, rud a áiritheoidh go mbeidh na caighdeáin chéanna in úsáid ag na Ballstáit agus go seolfaidh siad na sonraí isteach go dtí aon chóras uathúil stórála agus próiseála amháin. Cailliúint deiseanna iascaireachta, mar bheart bainistíochta réamhchúraim, an toradh a bheadh ar gan na caighdeáin maidir le bailiú sonraí eolaíoch a chomhlíonadh.

### 3. GNÉITHE DLÍTHIÚLA AN TOGRA

Bunaíonn an togra seo creat-Rialachán chun dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta atá dírithe ar speicis domhainfharraige san Atlantach Thoir Thuaidh; lena n-áirítear uiscí an Aontais a chuimsíonn réigiúin is forimeallaí na Spáinne agus na Portaingéile, agus uiscí idirnáisiúnta.

Is é Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an togra seo. Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

Is é Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle an 20 Nollaig 2002 maidir le caomhnú agus saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh faoin gComhbheartas Iascaigh, a bhunaíonn an creat rialúcháin ginearálta don Chomhbheartas Iascaigh. De réir Airteagail 4 den Rialachán sin, bunófar bearta Aontais a dhéanfaidh rialáil ar rochtain ar uiscí agus acmhainní agus ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a chur i gcrích ar bhonn inbhuanaithe.

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta. Féadann Ballstáit bearta a fhorbairt dá gcablaigh bhaile, ba thús ann féin é ar bhainistiú níos inbhuanaithe ar acmhainní domhainfharraige Ach, roinntear mórán de na stoic dhomhainfharraige idir Bhallstáit (i gcásanna áirithe bíonn cabhlach Ballstát amháin i láthair formhór an ama in uiscí Ballstáit eile). Bíonn drogall ar na Ballstáit bearta sriantacha a chur i bhfeidhm ar a gcablaigh féin gan na rialacha céanna nó a gcomhionann a bheith i bhfeidhm maidir le cablaigh a gcomharsana.

Rialachán ag leibhéal an Aontais is ea an ionstraim ghnímh a roghnaíodh. Ní áirítear féinrialúchán mar rogha. De réir na taithí a fuarthas le forbairt neamhrialáilte na n-iascach domhainfharraige, ní féidir a bheith ag tnúth le dóthain muiníne go ndéanfadh an earnáil forbairt agus forfheidhmiú ar a cód iompair féin ar bhealach a áiritheodh go mbainfeadh sí leas as na hacmhainní seo ar bhealach inbhuanaithe.

---

<sup>7</sup> Bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 199/2008.

#### **4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA**

Níl aon impleacht ag an togra do bhuiséad an Aontais.

Togra le haghaidh

## **RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear coinníollacha sonracha maidir le stoic dhomhainfharraige a iascach san Atlantach Thoir Thuaidh agus forálacha maidir le hiascaireacht i bhfarraigí idirnáisiúnta an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2347/2002**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach<sup>8</sup>,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<sup>9</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle an 20 Nollaig 2002 maidir le caomhnú agus saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh faoin gComhbheartas Iascaigh<sup>10</sup>, ceanglaítear bearta Comhphobail a bhunú chun rialú a dhéanamh ar rochtain ar uiscí agus ar acmhainní, agus ar shaothrú inbhuanaithe gníomhaíochtaí iascaigh, bearta a bhfuil gá leo d'fhonn saothrú céillí freagrach acmhainní ar bhealach inbhuanaithe a áirithiú. Ceanglaítear le hAirteagal 2 den Rialachán sin cur chuige an éiceachórais agus an cur chuige réamhchúraim a úsáid agus bearta á nglacadh chun an éifeacht atá ag gníomhaíochtaí iascaigh ar éiceachórais mhuirí a laghdú a oiread is féidir.
- (2) Tá an tAontas tiomanta na Rúin atá glactha ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe a chur i bhfeidhm, go háirithe Rún 61/105 agus Rún 64/72, ina n-iarrtar ar Stáit agus ar eagraíochtaí réigiúnacha bainistíochta iascaigh féachaint chuige go gcosnófar éiceachórais domhainfharraige leochaileacha ar an éifeacht mhillteach atá ag gléasanna iascaireachta grinnill agus go ndéanfar stoic d'éisc dhomhainfharraige a shaothrú ar bhealach inbhuanaithe.

---

<sup>8</sup> , , lch. .

<sup>9</sup> , , lch. .

<sup>10</sup> IO L 358, 31.12.2002, lch. 59.



- (3) Rinne an Coimisiún measúnú ar Rialachán (CE) Uimh. 2347/2002 lena mbunaítear ceanglais shonracha rochtana agus coinníollacha gaolmhara is infheidhme maidir le stoic dhomhainfharraige<sup>11</sup> a iascach. Chinn an Coimisiún<sup>12</sup>, go háirithe, go raibh méid an chabhlaigh rómhór, go raibh easpa treorach ann ó thaobh na gcalafort arna n-ainmniú agus na gclár samplála, agus go raibh caighdeán tuairiscithe na mBallstát ar na leibhéil iarrachta róluaineach.
- (4) D'fhonn na laghduithe riachtanacha ar acmhainn iascaireachta atá bainte amach go nuige seo in iascaigh dhomhainfharraige a choinneáil ar bun, tá sé oiriúnach foráil a dhéanamh go mbeidh iascaireacht speiceas domhainfharraige faoi réir údarú iascaireachta a chuirfeadh srian ar acmhainn na soithí atá incháilithe speicis domhainfharraige a thabhairt i dtír. D'fhonn bearta bainistíochta a dhíriú ar an gcuid sin den chabhlach a bhfuil an bhaint is mó aici le hiascaigh dhomhainfharraige, ba cheart na húdaruithe iascaireachta a eisiúint i leith sprioc-iascaigh nó iascaigh foghabhála.
- (5) Ba cheart do shealbhóirí údaruithe iascaireachta a cheadaíonn speicis domhainfharraige a ghabháil comhoibriú agus gníomhaíochtaí taighde eolaíochta á ndéanamh féachaint feabhas a chur ar mheasúnuithe ar stoic agus ar éiceachórais domhainfharraige.
- (6) Agus iad ag aimsiú ar speicis eile i limistéir san fhána ilchríochaí ina bhfuil an iascaireacht domhainfharraige ceadmhach freisin, ba cheart údarú iascaireachta a cheadaíonn foghabhála domhainfharraige a bheith ag úinéirí soithí.
- (7) De na gléasanna iascaireachta domhainfharraige go léir a úsáidtear, is iad gléasanna grinnill is mó baol d'éiceachórais mhuirí leochaileacha, agus is leosan a bhaineann an ráta tuairiscithe is airde de ghabhála gan iarraidh de speicis domhainfharraige. Ba cheart, dá bhrí sin, buanairmeasc a chur ar thráil ghrinnill a úsáid chun díriú ar speicis domhainfharraige.
- (8) I láthair na huairé déanann Rialachán (CE) Uimh. 1288/2009 ón gComhairle lena mbunaítear bearta teicniúla idirthréimhseacha ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 30 Meitheamh 2011<sup>13</sup> cosc a chur ar eangacha geolbhaigh grinnill dul isteach in iascaigh dhomhainfharraige. I bhfianaise na n-ardrátálacha de ghabhála gan iarraidh a bhíodh ann tráth a d'úsáidí heangacha sin ar shlí neamh-inbhuanaithe in uiscí doimhne, agus i bhfianaise an thionchair ar an gcomhshaol atá ag gléasanna arna chailleadh agus arna dtréigean, ba cheart buanairmeasc a chur ar úsáid na ngléasanna sin chun díriú ar speicis domhainfharraige.
- (9) Mar sin féin, d'fhonn am a ndóthain a thabhairt d'iascairí dul in oiriúint do na ceanglais nua, ba cheart údaruithe a eisíodh cheana don iascaireacht tráil ghrinnill agus don iascaireacht eangacha geolbhaigh leanúint de bheith bailí go ceann tréimhse sonraithe.
- (10) Ina theannta sin, na soithí sin a chaithfidh malairt gléis a fháil chun leanúint de bheith ag gabháil d'iascaigh dhomhainfharraige, ba cheart go mbeidís i dteideal cúnaimh airgeadais a fháil ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh ar chuntar go laghdóidh an

---

<sup>11</sup> IO L 351, 28.12.2002, lch. 6.

<sup>12</sup> COM(2007)30 críochnaitheach.

<sup>13</sup> IO L 347, 24.12.2009, lch. 6.

gléas nua an éifeacht atá ag an iascaireacht ar speicis neamhthráchtála agus go bhfuil sé ceadaithe faoin gclár náisiúnta oibríochtúil ranníocaíocht a dhéanamh leis na bearta sin.

- (11) Soithí a úsáideann gléasanna eile grinnill agus iad ag díriú ar speicis domhainfharraige, níor cheart dóibh raon a n-oibríochtaí a leathnú in uiscí an Aontais, i gcomhréir leis an údarú atá acu, ach amháin má léiríonn measúnú nach bhfuil baol mór ainiarsma d'éiceachórais leochaileacha mhuirí é.
- (12) Léiríonn comhairle eolaíochta maidir le stoic éisc áirithe a bhíonn sa domhainfharraige go bhfuil siad soloite ag an saothrú, agus gur cheart srian a chur le hiascaireacht na stoc sin nó í a laghdú, mar bheart réamhchúraim. Níor cheart deiseanna iascaireachta stoic dhomhainfharraige dul os cionn na leibhéal réamhchúraim a mholtar sa chomhairle eolaíochta a fhaightear. I gcás nach ndéantar aon mholadh de cheal faisnéise leordhóthanaí maidir le stoic nó speicis, níor cheart aon deis iascaireachta a leithdháileadh.
- (13) Ina theannta sin, dar leis an gcomhairle eolaíoch a fuarthas gur ionstraim iomchuí le deiseanna iascaireachta domhainfharraige a shocrú é teorainneacha iarrachta iascaireachta. I bhfianaise an iomad cineálacha gléasanna agus patrún iascaireachta a úsáidtear in iascaigh dhomhainfharraige, agus an gá atá le bearta tionlacain a fhorbairt a rachadh i ngleic le laigí gach iascaigh ar leith ó thaobh an chomhshaoil, níor cheart teorainneacha iarrachta iascaireachta a úsáid in ionad teorainneacha gabhála ach amháin nuair is féidir a áirithiú go bhfuil siad curtha in oiriúint d'iascaigh shonracha.
- (14) D'fhonn a áirithiú go ndéanfar iascaigh ar leith a bhainistiú ar bhealach oiriúnaithe, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann beart caomhnaithe tionlacain a dhéanamh agus measúnú bliantúil a dhéanamh ar comhleanúnachas an leibhéil iarrachta leis an gcomhairle eolaíoch maidir le saothrú inbhuanaithe. Ba cheart, leis, na teorainneacha iarrachta arna gcur in oiriúint do dhálaí réigiúnacha a chur in ionad na teorann domhanda ar an iarracht iascaireachta arna comhaontú faoin gCoimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC).
- (15) Ós rud é gurb é slí is fusa faisnéis bhitheolaíoch a bhailiú caighdeáin chomhchuibhithe maidir le bailiú sonraí a úsáid, is iomchuí an modh bailithe sonraí maidir le métier domhainfharraige a ionchorprú i gcreat ginearálta an mhodha eolaíochta bailithe sonraí, á áirithiú san am céanna go soláthrófar faisnéis bhreise atá riachtanach chun dinimic na hearnála iascaigh a thuiscint. Ar mhaithe le simpliú, ba cheart scor den tuairisciú iarrachta de réir speicis agus, ina ionad, anailís a dhéanamh ar na glaonna atréimhseacha ar shonraí eolaíochta ar na Ballstáit, mar a bhfuil caibidil ar leith ar métier domhainfharraige.
- (16) I Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 an 20 Samhain 2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú<sup>14</sup>, leagtar síos ceanglais rialaithe agus forfheidhmithe maidir le pleananna ilbhliantúla. Ó tharla go bhfuil speicis domhainfharraige soloite ó dhúchas ag an iascaireacht, ba cheart an aird chéanna a thabhairt orthu i dtaca le rialú de agus a thugtar do speicis eile chaomhnaithe a bhfuil plean bainistíocht ilbhliantúil comhaontaithe ina leith.

---

<sup>14</sup> IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

- (17) Iascairí a bhfuil údarú iascaireachta acu a cheadaíonn dóibh speicis domhainfharraige a ghabháil, ba cheart go gcaillfidís an t-údarú speicis domhainfharraige a ghabháil mura gcomhlíonann siad na bearta ábhartha caomhnúcháin.
- (18) Le Cinneadh 81/608/CEE formheasadh an Coinbhinsiún um Chomhar Iltaobhach sa Toghchán maidir le hIascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh, agus tháinig sé i bhfeidhm an 17 Márta 1982. Foráiltear sa Choinbhinsiún sin maidir le creatchlár iomchuí le haghaidh comhair iltaobhaigh i dtaca le caomhnú agus bainistiú réasúnach acmhainní iascaigh in uiscí idirnáisiúnta an Atlantaigh Thoir Thuaidh. Ar áireamh sna bearta bainistíochta arna nglacadh faoi NEAFC tá bearta teicniúla atá ceaptha speicis arna rialú faoi chuimsiú NEAFC a chaomhnú agus a bhainistiú, agus bearta atá ceaptha gnáthóga leochaileacha mairí a chosaint, lena n-áirítear bearta réamhchúraim.
- (19) Ba cheart cumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den CFAE chun bearta a ghabhann leis na teorainneacha iarrachta bliantúla a shonrú, más rud é nach ndéanann na Ballstáit na bearta sin nó má mheastar nach bhfuil na bearta atá glactha acu comhoiriúnach do chuspóirí an Rialacháin seo nó neamhleor i dtaca leis na cuspóirí sin.
- (20) Ba cheart cumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den CFAE, rud a bhféadfadh gá a bheith leis chun na heilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú i gcás nach nglacann na Ballstáit bearta tionlacain nó i gcás na bearta a ghlacann siad a bheith neamhleor agus nasctha le teorainneacha iarrachta bliantúla, nuair a chuirtear na teorainneacha sin in ionad teorainneacha gabhála.
- (21) Is gá, dá bhrí sin, rialacha nua a chur ar bun chun iascaireacht stoc domhainfharraige san Atlantach Thoir Thuaidh a rialú agus chun Rialachán (CE) Uimh. 2347/2002 a aisghairm.
- (22) Nuair a dhéanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmhligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, ba cheart dó a áirithiú go ndéanfaí na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hionchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## **CAIBIDIL I FORÁLACHA GINEARÁLTA**

### *Airteagal 1 Cuspóirí*

Is iad seo a leanas cuspóirí an Rialacháin seo:

- 1.1. féachaint chuige go ndéanfar speicis domhainfharraige a shaothrú ar bhealach inbhuanaithe, agus san am céanna, an éifeacht atá ag gníomhaíochtaí domhainfharraige ar an muirthimpeallacht a laghdú a oiread is féidir;

- 1.2. feabhas a chur ar an bhfios eolaíoch ar speicis domhainfharraige agus ar a ngnáthóga chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointe (a);
- 1.3. bearta teicniúla arna moladh ag NEAFC maidir le bainistiú iascaigh a chur chun feidhme.

*Airteagal 2*  
***Raon feidhme***

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta, nó gníomhaíochtaí iascaireachta atá beartaithe, sna huiscí seo a leanas:

- (a) uiscí comhphobail i bhfolimistéir II go XI na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) agus i limistéir 34.1.1, 34.1.2 agus 34.2 an Choiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (CECAF);
- (b) uiscí idirnáisiúnta i limistéir 34.1.1, 34.1.2 agus 34.2 an CECAF agus
- (c) limistéar Rialála NEAFC.

*Airteagal 3*  
***Sainmhínithe***

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe atá leagtha síos in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 agus in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 734/2008 ón gComhairle<sup>15</sup>.
2. Ina theannta sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
  - (a) is ionann sainmhíniú 'limistéir ICES' agus an sainmhíniú atá air i Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>16</sup>;
  - (b) is ionann sainmhíniú 'limistéir CECAF' agus an sainmhíniú atá air i Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>17</sup>;
  - (c) ciallaíonn 'limistéar rialála NEAFC' na huiscí atá faoi réir an Choinbhinsiúin maidir le comhar iltaobhach sa todhchaí maidir le hiascaigh san Atlantach Thoir Thuaidh atá lasmuigh de na huiscí atá faoi dháil iascaireachta pháirtithe conarthacha an Choinbhinsiúin sin;
  - (d) ciallaíonn 'speicis domhainfharraige' na speicis atá liostaithe in Iarscríbhinn I;
  - (e) ciallaíonn 'speicis shár-sholoite' na speicis domhainfharraige atá luaite sa tríú colún 'speicis shár-sholoite (x)' den tábla in Iarscríbhinn I;

---

<sup>15</sup> IO L 201, 30.7.2008, lch. 8.

<sup>16</sup> IO L 87, 31.3.2009, lch. 70.

<sup>17</sup> IO L 87, 31.3.2009, lch.1.

- (f) ciallaíonn 'métier' gníomhaíochtaí iascaireachta atá dírithe ar speicis áirithe, le gléas áirithe, i limistéar áirithe;
- (g) ciallaíonn 'métier domhainfharraige' métier atá dírithe ar speicis domhainfharraige de réir na dtáscairí atá leagtha síos in Airteagal 4(1) den Rialachán seo.
- (h) ciallaíonn 'lárionad faireacháin iascaigh' lárionad oibríochta a bhunaigh Ballstát brataí agus ina bhfuil cruu-earraí agus bogearraí ríomhaire lenar féidir sonraí a ghlacadh agus a phróiseáil go huathoibríoch agus sonraí leictreonacha a tharchur;
- (i) ciallaíonn 'comhlacht comhairleach eolaíochta' comhlacht eolaíochta iascaigh idirnáisiúnta a chomhlíonann na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le comhairle eolaíocht taighdebhunaithe.
- (j) ciallaíonn 'uastáirgeacht inbhuanaithe' an uasghabháil is féidir a ghabháil ó stoc éisc go ceann tréimhse éiginnte.

## **CAIBIDIL II**

### **ÚDARUITHE IASCAIREACHTA**

#### *Airteagal 4*

#### ***Cineálacha údaruithe iascaireachta***

1. Gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus atá dírithe ar speicis domhainfharraige, beidh siad faoi réir údarú iascaireachta a mbeidh sé luaite ann gur speicis domhainfharraige na spriocspeicis.
2. Chun críocha mhír 1, déarf ar gur speicis domhainfharraige na spriocspeicis ag gníomhaíochtaí iascaireachta sna cásanna seo a leanas:
  - (a) más speicis domhainfharraige atá luaite mar sprioc i bhféilire iascaireachta an tsoithigh, nó
  - (b) má tá ar bord an tsoithigh, nó á úsáid sa limistéir oibríochta, gléas nach n-úsáidtear ach chun speicis domhainfharraige a ghabháil, nó
  - (c) má iontrálann máistir an tsoithigh sa logleabhar céatadán de speicis domhainfharraige atá cothrom le nó níos mó ná 10 % de mheáchan foriomlán gabhála an lae iascaireachta.
3. Gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais nach bhfuil speicis domhainfharraige mar spriocspeicis acu, ach a ghabhann speicis domhainfharraige mar fhoghabháil, beidh siad faoi réir údarú iascaireachta a mbeidh speicis domhainfharraige luaite ann mar fhoghabháil.
4. An dá chineál údaruithe iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 agus mír 3 faoi seach, beidh siad sodhealaithe óna chéile sa bhunachar sonraí leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 116 de Rialachán (AE) Uimh. 1224/2009.

5. D'ainneoin mhír 1 agus mhír 3, féadfaidh soithí iascaireachta aon chainníocht de speicis domhainfharraige a ghabháil, a choinneáil ar bord, a athlastáil nó a thabhairt i dtír gan údarú iascaireachta, má tá an chainníocht sin faoi bhun tairsí 100 kg d'aon sórt meascáin de speicis domhainfharraige in aghaidh an turais iascaireachta.

*Airteagal 5*  
***Bainistiú acmhainne***

An acmhainn chomhiomlán iascaireachta arna tomhas in olltonnáiste agus i gcileavatanna gach soithigh iascaireachta a bhfuil údarú iascaireachta aige arna eisiúint ag Ballstát a cheadaíonn speicis domhainfharraige a iascach, is cuma cé acu mar spriocspeicis nó mar speicis foghabhála, ní sháróidh sí am ar bith acmhainn chomhiomlán iascaireachta shoithigh an Bhallstáit sin a bhfuil deich dtonna nó níos mó de speicis domhainfharraige tugtha i dtír acu le linn aon dhá bhliain féilire roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cibé acu den dhá bhliain sin ina bhfuil an figiúr is airde.

*Airteagal 6*  
***Ceanglais ghinearálta maidir le hiarratais ar údaruithe iascaireachta***

Gach iarratas ar údarú iascaireachta a cheadaíonn speicis domhainfharraige a ghabháil, is cuma cé acu mar spriocspeicis nó mar speicis foghabhála, agus gach iarratas ar athnuachan na n-iarratas sin, beidh ag gabháil leis tuairisc ar an limistéar gníomhaíochta atá beartaithe, ar na cineálacha gléasanna arna n-úsáid, ar an raon doimhneacht ag a ndéanfar na gníomhaíochtaí, agus ar na speicis a bhfuiltear ag díriú orthu.

*Airteagal 7*  
***Ceanglais shonracha maidir le hiarratais ar údaruithe iascaireachta agus eisiúint na n-údaruithe sin a cheadaíonn gléasanna grinnill a úsáid i ngníomhaíochtaí iascaireachta atá dírithe ar speicis domhainfharraige***

- 1 I dteannta na gceanglas atá leagtha amach in Airteagal 6, beidh ag gabháil le gach iarratas ar údarú iascaireachta atá dírithe ar speicis domhainfharraige, dá dtagraítear in Airteagal 4(1), a cheadaíonn gléasanna grinnill a úsáid in uiscí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 2(a), beidh ag gabháil leo plean mionsonraithe iascaireachta ina sonrú:
- (a) suíomhanna na ngníomhaíochtaí arna mbeartú atá dírithe ar speicis domhainfharraige sa métier domhainfharraige. Saineofar an suíomh nó na suíomhanna le comhordanáidí i gcomhréir le Córas Geodasach 1984;
  - (b) suíomhanna na ngníomhaíochtaí, más ann dóibh, sa métier domhainfharraige le linn na dtrí bliana féilire iomlána deireanacha. Saineofar an suíomh/na suíomhanna sin le comhordanáidí i gcomhréir leis an gcóras geodasach domhanda 1984 agus déanfar na gníomhaíochtaí iascaireachta a imscríobh a bheichte is féidir leis na comhordanáidí sin.
2. I gcás gach údarú iascaireachta a eisítear ar bhonn iarratais a dhéantar i gcomhréir le mír 1, sonrú an gléas grinnill atá le húsáid agus cuirfear srian ar na gníomhaíochtaí iascaireachta atá údaraithe sa limistéar ina bhfuil an ghníomhaíocht iascaireachta atá

beartaithe, mar atá leagtha amach i mír 1(a), agus an ghníomhaíocht iascaireachta atá ann cheana, mar atá leagtha amach i mír 1(b), ag forluí ar a chéile. Féadfar an limistéar ina bhfuil an ghníomhaíocht iascaireachta atá beartaithe a leathnú, áfach, thar an limistéar ina bhfuil an ghníomhaíocht iascaireachta atá ann cheana má tá measúnú doiciméadaithe déanta ag an mBallstát, ar bhonn comhairle eolaíche, nach mbeadh aon ainiarsma mhór ag an leathnú sin ar éiceachórais mhuirí leochaileacha.

#### *Airteagal 8*

### ***Rannpháirteachas soithí i ngníomhaíochtaí bailithe sonraí maidir le hiascaireacht domhainfharraige***

Cuirfidh na Ballstáit na coinníollacha is gá ar áireamh sna údaruithe iascaireachta ar fad a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 4 d'fhonn a áirithiú go mbeidh an soitheach i gceist páirteach, i gcomhar leis an insitiúid ábhartha eolaíochta, in aon scéim bailithe sonraí a gcuimsíonn a raon feidhme na gníomhaíochtaí iascaireachta a bhfuil údaruithe á seachadadh ina leith.

#### *Airteagal 9*

### ***Dul in éag údaruithe iascaireachta atá dírithe ar speicis domhainfharraige le haghaidh soithí a úsáideann tráil ghrinnill nó eangacha geolbhaigh grinnill***

Údaruithe iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) do shoithí a úsáideann tráil ghrinnill nó eangacha geolbhaigh grinnill, rachaidh siad in éag ar a dhéanaí dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. I ndiaidh an dáta sin, ní dhéanfar údaruithe iascaireachta atá dírithe ar speicis domhainfharraige leis na gléasanna sin a eisiúint ná a athnuachan.

## **CAIBIDIL III DEISEANNA IASCAIREACHTA AGUS BEARTA TIONLACAIN**

### **ROINN 1 FORÁLACHA GINEARÁLTA**

#### *Airteagal 10*

#### ***Prionsabail***

1. Socrófar deiseanna iascaireachta sa chaoi is go mbeidh ráta saothraithe an speicis domhainfharraige i gceist i gcomhréir le huastáirgeacht inbhuanaithe.
2. Más rud é, ar bhonn na faisnéise eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil, nach féidir rátaí saothraithe atá ag teacht le huastáirgeacht inbhuanaithe a chinneadh, socrófar na deiseanna iascaireachta mar seo a leanas:
  - a) i gcás ina gcinntear, ar bhonn na faisnéise eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil, rátaí saothraithe a fhreagraíonn do chur chuige an réamhchúraim maidir le bainistiú iascaigh, ní fhéadfar deiseanna iascaireachta na tréimhse bainistíochta iascaireachta ábhartha a shocrú ag leibhéal atá os cionn na rátaí sin;

- b) i gcás nach n-aithnítear, ar bhonn na faisnéise eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil, rátaí saothraithe a fhreagraíonn do chur chuige an réamhchúraim maidir le bainistiú iascaigh de cheal sonraí leordhóthanacha maidir le stoc nó speiceas áirithe, ní fhéadfar aon deis iascaireachta a leithdháileadh i leith na n-iascach i gceist.

## **ROINN 2**

### **BAINISTIÚ TRÍ BHÍTHIN TEORAINNEACHA IARRACHTA IASCAIREACHTA**

#### *Airteagal 11*

#### ***Deiseanna iascaireachta a shocrú trí bhíthin teorainneacha iarrachta iascaireachta amháin***

1. Ag gníomhú di i gcomhréir leis an gConradh, féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh gan deiseanna iascaireachta bliantúla i leith speiceas domhainfharraige a shocrú ar bhonn teorainneacha iarrachta iascaireachta agus teorainneacha gabhála, agus ina ionad sin, iad a shocrú ar bhonn teorainneacha iarrachta iascaireachta amháin d'iascaigh ar leith.
2. Chun críocha mhír 1, is iad na leibhéil iarrachta iascaireachta arna measúnú na leibhéil iarrachta iascaireachta a bheidh ag gach métier domhainfharraige a úsáidfear mar thagairt nuair is gá modhnú a dhéanamh d'fhonn na prionsabail atá leagtha amach in Airteagal 10 a chomhlíonadh, ar bhonn faisnéise eolaíche, i gcomhréir leis na gabhálacha a rinne na métier domhainfharraige le linn an dhá bhliain fhéile roimhe sin.
3. Léireoidh teorainneacha iarrachta iascaireachta arna socrú i gcomhréir le mír 1 agus mír 2 an méid seo a leanas:
  - (a) an métier domhainfharraige ar leith a bhfuil feidhm ag an teorainn iarrachta iascaireachta maidir leis, i dtéarmaí an ghléis rialáilte, na speiceas a bhfuiltear ag díriú orthu, agus na gcriosanna ICES nó na limistéar CECAF a bhféadfar an iarracht cheadaithe a úsáid iontu; agus
  - (b) an t-aonad iarrachta iascaireachta a úsáidfear chun críche bainistithe.

#### *Airteagal 12*

#### ***Bearta tionlacain***

1. I gcás ina bhfuil teorainneacha iarrachta iascaireachta bliantúla in úsáid in ionad teorainneacha gabhála i gcomhréir le hAirteagal 11(1), déanfaidh na Ballstáit na bearta tionlacain seo a leanas a chur ar bun nó a choinneáil ar bun i leith a soithí a bhfuil a mbratach ar foluain orthu:
  - (a) bearta atá ceaptha méadú ar acmhainn iomlán gabhála na soithí a mbaineann na teorainneacha iarrachta leo a sheachaint;
  - (b) bearta atá ceaptha méadú ar fhoghabhálacha speiceas sár-sholoite a sheachaint; agus



- (c) coinníollacha maidir le hábhar muirí aiscurtha a chosc go héifeachtach. Beidh na coinníollacha sin ceaptha a áirithiú go ndéanfar gach iasc a tógadh ar bord a thabhairt i dtír, ach amháin dá mbeadh sé sin ag teacht salach ar na rialacha atá i bhfeidhm faoin gComhbheartas Iascaireachta.
2. Beidh feidhm ag na bearta fad is atá gá leo chun na rioscaí atá sonraithe i mír 1(a), (b) agus (c) a chosc nó a mhaolú.
3. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar éifeachtacht na mbeart tionlacain a ghlacann na Ballstáit tar éis a nglactha.

#### *Airteagal 13*

#### ***Bearta ón gCoimisiún i gcás nach nglacann na Ballstáit bearta tionlacain nó i gcás na bearta a ghlacann siad a bheith neamhleor***

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun bearta tionlacain na dtéorainneacha iarrachta bliantúla a shonrú, dá dtagraítear in Airteagal 12(1)(a), (b) nó (c), agus i gcomhréir le hAirteagal 20:
  - (a) más rud é nach gcuireann an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas maidir leis na bearta a ghlac siad de bhun Airteagal 12 laistigh thrí mhí tar éis dháta teacht i bhfeidhm na dtéorainneacha iarrachta iascaireachta;
  - (b) má scoireann na bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 12 d'fheidhm a bheith acu cé go bhfuil ann don ghá na rioscaí atá sonraithe in Airteagal 12(1) (a), (b) agus (c) a chosc nó a mhaolú i gcónaí.
2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun bearta tionlacain na dtéorainneacha iarrachta bliantúla a shonrú, dá dtagraítear in Airteagal 12(a), (b) nó (c), más rud é go meastar, i bhfianaise measúnú arna dhéanamh de bhun Airteagal 12(3):
  - (a) nach bhfuil bearta an Bhallstáit ag teacht le cuspóirí an Rialacháin seo; nó
  - (b) go bhfuil bearta an Bhallstáit neamhleor i dtaca leis na haidhmeanna atá luaite in Airteagal 12 (1) (a), (b) nó (c).
3. Beidh d'aidhm ag na bearta tionlacain a ghlacfaidh an Coimisiún féachaint chuige go gcomhlíonfar na cuspóirí agus na haidhmeanna atá leagtha amach sa Rialachán seo. Nuair a ghlacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, scoirfidh d'éifeacht a bheith ag bearta ar bith de chuid na mBallstát a glacadh.

## **CAIBIDIL IV RIALÚ**

#### *Airteagal 14*

#### ***Cur i bhfeidhm na bhforálacha rialaithe maidir le pleananna ilbhliantúla***

1. Measfar gur 'plean ilbhliantúil' an Rialachán seo chun críocha Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

2. Measfar gur 'speicis faoi réir plean ilbhliantúil' speicis domhainfharraige agus go mbeidh 'na stoic faoi réir plean ilbhliantúil' chun críocha Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

*Airteagal 15*  
***Calafóirt ainmnithe***

Ní fhéadfar aon chainníocht d'aon mheascán de speicis domhainfharraige os cionn 100 kg a thabhairt i dtír in aon áit seachas na calafóirt atá ainmnithe chun speicis domhainfharraige a thabhairt i dtír.

*Airteagal 16*  
***Réamhfhógra***

De mhaolú ar Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, ceanglófar ar mháistrí na soithí iascaireachta ar fad de chuid an Aontais a bhfuil sé beartaithe acu 100 kg nó níos mó de speicis domhainfharraige a thabhairt i dtír, cibé fad iad, fógra a thabhairt d'údarás inniúil a mBallstáit brataí maidir lena bhfuil beartaithe aige.

*Airteagal 17*  
***Iontrálacha logleabhair maidir le huiscí doimhne***

Gan dochar d'Airteagal 14 ná d'Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, maistrí soithí a bhfuil údarú acu i gcomhréir le hAirteagal 4(1) nó (3), déanfaidh siad an méid seo a leanas agus iad i mbun métier domhainfharraige nó nuair atá siad ag iascaireacht faoi bhun 400m:

- (a) líne nua a tharraingt sa logleabhar páipéir tar éis gach tarlú; nó
- (b) i gcás ina bhfuil siad faoi réir an chórais taifeadta leictreonaigh agus tuairiscithe, iontráil ar leith a dhéanamh tar éis gach tarlú.

*Airteagal 18*  
***Údaruithe iascaireachta a tharraingt siar***

1. Gan dochar d'Airteagal 7(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, déanfar na húdaruithe dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (3) den Rialachán seo a tharraingt siar ar feadh bliana ar a laghad, sna cásanna seo a leanas:
  - a) ní chomhlíontar coinníollacha atá leagtha amach san údarú iascaireachta maidir leis na teorainneacha ar úsáid gléasanna, na limistéir ina bhfuil oibríochtaí ceadaithe, nó, de réir mar is iomchuí, na teorainneacha gabhála nó iarrachta ar na speicis a bhfuil sé ceadmhach díriú orthu; nó
  - b) ní thógtar ar bord breathnóir eolaíochta nó ní cheadaítear gabhálacha a shampláil chun críocha eolaíochta mar atá sonraithe in Airteagal 19 den Rialachán seo.
2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 más é foiche Dé is cúis leis an mainneachtain dá dtagraítear sa mhír sin.

# CAIBIDIL V

## SONRAÍ A BHAILIÚ

### *Airteagal 19*

#### *Rialacha maidir le bailiú sonraí agus tuairisciú*

1. Baileoidh na Ballstáit sonraí maidir le gach métier domhainfharraige i gcomhréir leis na rialacha maidir le bailiú sonraí agus na leibhéil bheachtais arna leagan síos sa chlár Comhphobail ilbhliantúil um bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí bitheolaíoch, teicniúla, comhshaoil, agus socheacnamaíoch arna ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle<sup>18</sup>, agus i mbearta eile arna nglacadh faoin Rialachán sin.
2. Beidh sé de cheangal ar mháistir an tsoithigh, nó ar aon duine eile atá freagrach as oibriú an tsoithigh, an breathnóir eolaíochta a thógáil ar bord a shann an Ballstát don soitheach sin, ach amháin sa chás nach bhfuil féidir sin a dhéanamh ar chúiseanna slándála. Déanfaidh an máistir éascaíocht don bhreathnóir eolaíochta agus é i mbun a chuid cúram.
3. Déanfaidh na breathnóirí eolaíochta:
  - (a) a gcúraimí bailithe sonraí atréimhseacha a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach i mír 1.
  - (b) meáchan aon choiréalaigh clochaigh, aon choiréalaigh bhoig, aon spúinse nó aon orgánaigh a bhaineann leis an éiceachórais chéanna a thógtar ar bord le gléasanna an tsoithigh a aithint agus a dhoiciméadú.
4. Mar aon leis na hoibleagáidí atá orthu dá dtagraítear i mír 1, beidh na Ballstáit faoi réir na gceanglas sonracha maidir le bailiú sonraí agus tuairisciú atá leagtha amach in Iarscríbhinn II don métier domhainfharraige.
5. Na sonraí uile a bhailítear maidir leis an métier domhainfharraige, lena n-áirítear na sonraí a bhailítear i gcomhréir le hIarscríbhinn II, déileálfar leo i gcomhréir leis an bpróiseas bainistithe sonraí atá leagtha síos i gCaibidil III de Rialachán (CE) Uimh. 199/2008.
6. Ar iarraidh a fháil dóibh ón gCoimisiún, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún, ar bhonn míosúil, maidir le sonraí iarrachta agus sonraí gabhála a bhaineann le métier.

---

<sup>18</sup> IO L 60, 5.3.2008, lch. 1.

## CAIBIDIL V GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE

### *Airteagal 20* *Cumhachtaí tarmligthe a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo a thugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Is go ceann tréimhse éiginnte a thabharfar don Choimisiún an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 13.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 13 a chúlghairm tráth ar bith. I gcás cinnidh maidir le cúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ag dáta ina dhaidh sin a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. A luaithe agus a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina thaobh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.
5. Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 13 i bhfeidhm ach amháin má chuir Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go bhfuil curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon nach gcuirfidh siad ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

## CAIBIDIL VI NÓSANNA IMEACHTA AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

### *Airteagal 21* *Meastóireacht*

1. Laistigh de shé bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn tuarascálacha na mBallstát agus na comhairle eolaíche a iarrfaidh sé chuige sin, tionchar na mbeart a leagadh síos sa Rialachán seo a mheasúnú agus cinnfidh sé an méid a baineadh amach na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 1 (a) agus (b).
2. Beidh béim sa mheasúnú ar threochtaí a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
  - (a) na soithí a d'iompaigh ar ghléasanna a úsáid a bhfuil tionchar níos lú acu ar ghrinneall na farraige, agus an forás a thagann ar leibhéil ábhair mhuirí aiscurtha na soithí sin;

- (b) raon oibríochtaí soithí atá ag gabháil do gach métier domhainfharraige;
- (c) sláine agus iontaofacht na sonraí a sholáthraíonn na Ballstáit do chomhlachtaí eolaíochta chun críche stoc a mheasúnú, nó don Choimisiún i gcás glaonna ar shonraí ar leith;
- (d) na stoic dhomhainfharraige ar tháinig feabhas ar an gcomhairle eolaíoch ina leith;
- (e) na hiascaigh a mbainistítear de réir teorainneacha iarrachta iascaireachta amháin, agus éifeachtacht na mbeart tionlacain atá ceaptha ábhar muirí aischurtha a sheachaint agus gabhálacha speiceas sár-sholoite a laghdú.

*Airteagal 22*  
***Bearta idirthréimhseacha***

Aon údaruithe iascaireachta speisialta a eisítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2347/2002, leanfaidh siad de bheith bailí go ndéanfar údaruithe iascaireachta a cheadaíonn speicis domhainfharraige a ghabháil a eisiúint ina n-ionad i gcomhréir leis an Rialachán seo, ach i ngach cás ní bheidh an t-údarú bailí tar éis an 30 Meán Fómhair 2012.

*Airteagal 23*  
***Aisghairm***

1. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2347/2002.
2. Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá leagtha amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 24*  
***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Parlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*  
[...]

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
[...]

## Iarscríbhinn I

### Roinn 1: Speicis Domhainfharraige

<u>Ainm eolaíoch</u>	<u>Ainm coitianta</u>	<u>Speicis shár-sholoite</u>
<i>Centrophorus granulosus</i>	Siorc slogach	x
<i>Centrophorus squamosus</i>	Siorc slogach gainneach duille	x
<i>Centroscyllium fabricii</i>	Fíogach dubh	x
<i>Centroscymnus coelolepis</i>	Fíogach Portaingéalach	x
<i>Centroscymnus crepidater</i>	Fíogach slim socfhada	x
<i>Dalatias licha</i>	Siorc eite eitleoige	x
<i>Etmopterus princeps</i>	Lóchranssiorc mór	x
<i>Apristuris spp</i>	Catsúileach na hÍoslainne	
<i>Chlamydoselachus anguineus</i>	Siorc rufach	
<i>Deania calcea</i>	Fíogach gob éin	
<i>Galeus melastomus</i>	Fíogach an bhéil dhuibh	
<i>Galeus murinus</i>	Catsúileach luiche	
<i>Hexanchus griseus</i>	Siorc liath na sróine finne	x
<i>Etmopterus spinax</i>	Siorc slimbhoilg	
<i>Oxynotus paradoxus</i>	Garbhshiorc seol-eiteach	
<i>Scymnodon ringens</i>	Fíogach scianfhiacaile	
<i>Somniosus microcephalus</i>	Siorc beagcheannach	
<i>Alepocephalidae</i>	Slimchinn	
<i>Alepocephalus Bairdii</i>	Slimcheann Baird	
<i>Alepocephalus rostratus</i>	Slimcheann Risso	
<i>Aphanopus carbo</i>	Scabaird dhubh	
<i>Argentina silus</i>	Airgintín mór	
<i>Beryx spp.</i>	Alfainsíní	
<i>Chaceon (Geryon) affinis</i>	Portán dearg domhainuisce	
<i>Chimaera monstrosa</i>	Coinín mara	
<i>Hydrolagus mirabilis</i>	Coinín mara mórshúileach	
<i>Rhinochimaera atlantica</i>	Ciméara sciainsocach	
<i>Coryphaenoides rupestris</i>	Gránadóir cruinnsocach	
<i>Epigonus telescopus</i>	Iasc cairdinéalach dubh	x
<i>Helicolenus dactilopterus</i>	An gormbhéal	

<i>Hoplostethus atlanticus</i>	Gainneachán flannbhuí	x
<i>Macrourus berglax</i>	Gránadóir ceanngharbh	
<i>Molva dypterygia</i>	Langa gorm	
<i>Mora moro</i>	Móra coiteann	
<i>Antimora rostrata</i>	Trosc domhainmhara gorm	
<i>Pagellus bogaraveo</i>	Deargán	
<i>Phycis blennoides</i>	Colmóir gabhlach mór	
<i>Polyprion americanus</i>	Breac raice	
<i>Reinhardtius hippoglossoides</i>	Haileabó Graonlannach	
<i>Cataetyx laticeps</i>		
<i>Hoplostethus mediterraneus</i>	Gainneachán airgid	
<i>Macrouridae</i> seachas <i>Coryphaenoides rupestris</i> agus <i>Macrourus berglax</i>	Gránadóirí seachas an gránadóir cruinnsocach agus an gránadóir ceanngharbh	
<i>Nesiarchus nasutus</i>	Geimiasc dubh	
<i>Notocanthus chemnitzii</i>	Eascann spíonach gheancach	
<i>Raja fyllae</i>	Sciata cruinn	
<i>Raja hyperborea</i>	Sciata artach	
<i>Raja nidarosiensis</i>	Sciata Ioruach	
<i>Trachyscorpia cristulata</i>	Deilgcheann Atlantach	

## Section 2: Speicis a rialaítear faoi NEAFC freisin

<i>Brosme brosme</i>	Torsca	
<i>Conger conger</i>	Eascann choncair	
<i>Lepidopus caudatus</i>	Scabaird airgid	
<i>Lycodes esmarkii</i>	Puteascann Esmark	
<i>Molva molva</i>	Langa	
<i>Sebastes viviparus</i>	Péirse mhara	

### Iarscríbhinn II

#### Ceanglais shonracha maidir le bailiú sonraí agus tuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 18(4)

1. Aon sonraí a bhailítear maidir le limistéar a chuimsíonn uiscí de chuid an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta araon, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar iad a dhíchomhbhailiú ar shlí go dtagraítear ar leithligh d'uisce de chuid an Aontais nó d'uisce idirnáisiúnta.

2. I gcás ina bhfuil an ghníomhaíocht sa métier domhainfharraige ag forlúí le gníomhaíocht i métier eile sa limistéar céanna, déanfar an bailiú sonraí maidir leis an ngníomhaíocht sa métier domhainfharraige ar leithligh ón mbailiú sonraí maidir le gníomhaíocht sa métier eile.
3. Déanfar ábhar muirí aischurtha a shampláil i ngach métier domhainfharraige. An straitéis samplála maidir le tabhairt i dtír agus ábhar muirí aischurtha, cuimseoidh sí gach speiceas atá liostaithe in Iarscríbhinn I mar aon le speicis a bhaineann leis an éiceachórais ghrinnill amhail coréil dhomhain-uiscí, spúinsí nó orgánaigh eile a bhaineann leis an éiceachóras sin.
4. I gcás ina gceanglaítear leis an bplean ilbhliantúil infheidhme maidir le bailiú sonraí nach mór sonraí a bhailiú maidir le hiarrachtaí iascaireachta ó thaobh uaireanta an chloig iascaireachta le tráil agus ama tumtha gléasanna éighníomhacha, baileoidh an Ballstáit na sonraí seo a leanas chomh maith leis na sonraí maidir le hiarrachtaí iascaireachta agus beidh sé in ann iad a chur ar fáil:
  - (a) suíomh geografach na ngníomhaíochtaí iascaireachta a bhaineann le gach gabháil, ar bhonn sonraí an Chórais um Fhaireachán Soithí arna dtarchur ag an soitheach chuig an lárionad faireacháin ar iascaigh;
  - (b) na doimhneachtaí iascaireachta ag a n-úsáidtear na gléasanna, i gcás ina n-úsáideann an soitheach logleabhar leictreonach chun tuairisciú. Tabharfaidh máistir an tsoithigh fógra maidir leis an doimhneacht iascaireachta de réir na formáide caighdeánaí tuairiscithe.